



Geallúintí RTÉ dár Lucht Éisteachta 2004

RTÉ

Statement of Commitments for 2004

RTÉ is proud to be a public service broadcaster that sets and meets standards to the highest levels of accountability. As part of this process RTÉ publishes an annual Statement of Commitments to its audience.

In this Statement RTÉ makes specific commitments which can be measured and independently verified at the end of each year. As part of its annual reporting RTÉ will show how each specific commitment has been met.

The Statement of Commitments is based on the draft Public Service Broadcasting Charter contained in RTÉ's 2002 submission for a licence fee increase. It is in effect an understanding between RTÉ and its audience - its community of viewers and listeners. The Minister for Communications, Marine and Natural Resources will publish a Charter setting out the broad obligations required of RTÉ as the nation's public service broadcaster. The Statement of Commitments will specify how those obligations are translated into effect in a transparent and measurable form.

Ráiteas Geallúintí 2004

Údar mórtais ag RTÉ gur craoltóir seirbhíse poiblí é a chinneann ar chaighdeáin agus a shroicheann iad le hardleibhéil freagrachta. Mar chuid den phróiseas seo, foilsíonn RTÉ Ráiteas bliantúil Geallúintí dá lucht éisteachta.

Tugann RTÉ geallúintí sonracha sa Ráiteas, geallúintí intomhaiste ar féidir iad a fhíoradh go neamhspleách ag deireadh gach bliana. Léireoidh RTÉ, mar chuid den tuairisciú bliantúil, an chuma ar comhlíonadh gach geallúint ar leith.

Tá an Ráiteas Geallúintí bunaithe ar dhréacht-Chairt Chraolachán na Seirbhíse Poiblí a bhí in aighneacht RTÉ 2002 ar ardú ar tháille an cheadúnais. Is é atá sa Chairt i ndáiríre, comhthuiscint idir RTÉ agus a lucht éisteachta – an pobal a bhreathnaíonn is a éisteacht. Foilseoidh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha Cairt ina leagfar amach dualgais ghinearálta RTÉ mar chraoltóir seirbhíse poiblí na tíre. Tabharfaidh an Ráiteas Geallúintí grinnchuntas trédhearcach intomhaiste ar an gcuma a gcuirtear na dualgais sin i bhfeidhm.

**AN ENGLISH LANGUAGE
VERSION OF THIS
DOCUMENT IS AVAILABLE**

Is é RTÉ a Lucht Éisteachta

An Chorparáid

Déanfaidh RTÉ na bearta seo i 2004:

- Feidhmeoidh RTÉ faoi réir Cairte nua atá le foilsiú ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha
- Foilseoidh RTÉ Straitéis 3 bliana
- Feidhmeoidh RTÉ faoi réir Chód an Chleachtais Chóirthrádála ina sonraítear a dhualgais maidir le ceithre heochairghníomhaíocht: an gréasán tarchuradóireachta, díol an ama fógraíochta, coimisiúnú ábhair agus ceannach ábhair
- Bunóidh RTÉ caidreamh straitéiseach le heochaireagrais náisiúnta i réimsí sainspéise:
 - Metro Éireann – d'fhonn éagsúlacht chultúrtha a spreagadh sna meáin, déanfar urraíocht ar Ghradaim na Meán
 - Comhairle Báidh Dhrámaíochta na hÉireann – ag cothú na drámaíochta amaitéaraí, déanfar urraíocht ar Bhiaiste
- Soláthróidh RTÉ gléasanna cumarsáide mar áis d'obair agus d'idirbheartaíocht Chomhairle an Lucht Éisteachta
- Foilseoidh RTÉ Tuarascáil Bhliantúil i bhformáid nua (do 2003) ag comhlíonadh na ngeallúintí trédhearcachta go léir

ASCHUR

A. GINEARÁLTA

Gnéithe sainiúla de chraolachán seirbhíse poiblí iad an raon agus an éagsúlacht, agus beidh ábhar ó na réimsí cláir seo leanas i sceidil RTÉ:

- > EALAÍONA
- > PÁISTÍ
- > ILGHNÉITHEACHT
- > NUACHT AGUS CÚRSAÍ REATHA
- > DRÁMAÍOCHT
- > OIDEACHAS
- > SIAMSAÍOCHT
- > SPÓRT
- > FÍORASACH
- > STAIR
- > CEOL

Beidh úrnuaight le brath ar na sceidil, fonn tabhairt faoi shaothar turgnamhach agus seansanna cruthaíochta nach mbeifí ag tnúth leo ó chraoltóirí tráchtála. Go sonrach, spreagfaidh RTÉ tallann úr – ar-aer agus den-aer; beidh an bhéim ar oifidigh na hÉireann agus feidhmeofar nuálacha chun tallann ar-aer a chothú agus a fhorbairt sna seirbhísí uile. Cinnfear ar ardchaighdeán, slata tomhais don chraolachán in Éirinn, agus bainfear amach na hardchaighdeán sin. Tugtar mioneolas ar eochairgheallúintí sceidil 2004, cainéal ar chainéal. Tugtar mioneolas ar uaireanta cruinne craolta de réir genre do 2003 agus na huaireanta fosta a bhfuil súil leo do 2004.

B. RTÉ TEILIFÍS

Leanfaidh RTÉ One agus RTÉ Network 2 de theilifís seirbhíse poiblí Éireannach a thairiscint do lucht féachana na hÉireann ar chaighdeán agus le raon agus uailmhian nach bhfaightear ar aon chainéil eile. Tairgimid luach ar airgead agus ábhar ilchineálach déanta in Éirinn ar chainéil phríomhéilimh seirbhíse poiblí atá ar fáil do lucht féachana teilifíse uile na hÉireann.

> RTÉ One

An cainéal teilifíse is mó a thaitníonn leis an bpobal, agus is é ár n-aidhm a chinntiú gur mar sin a bheidh. Cainéal príomhéilimh seirbhíse poiblí é RTÉ One ar a gcaoltar raon leathan de chlár déanta in Éirinn mar aon le scoth na scannán agus na teilifíse ón domhan mór. Bíonn cláir mhór-ráchairte de gach genre ar tairiscint ar RTÉ One agus déantar iarracht lucht féachana a mhealladh as gach aoisghrúpa as gach cearn den tír. In 2004 leanfaidh RTÉ One de sholáthar sárchlár Éireannach a thugann léargas ar an saol in Éirinn, ar luacha ár lucht éisteachta, agus ar ár stair agus ár gcultúr féin ar leith.

> RTÉ Network 2

Ar an dara cainéal ag RTÉ, le linn buaicama, tugtar léargas ar Éirinn chomhaimseartha le cláir atá cliste, faobhrach agus tarraingteach do lucht éisteachta éilitheach na ndaoine fásta óga. Is air, ach go háirithe, a bhíonn cláir na nDaoine Óga i rith na maidine, na hiarnóna agus an luath-thráthnóna, agus maidineacha an deireadh seachtaine. Is é RTÉ Network 2, chomh maith, ionad an Spóirt ag an deireadh seachtaine, tráthnóna lár-sheachtaine agus saintrátha na bliana spóirt.

> Spóirt na Teilifíse

Beidh na Cluichí Oilimpeacha agus na Craobhchomórtais Eorpacha ar siúl i 2004 agus beidh an-bhliain, bliain ríghnóthach, ann don Spóirt Teilifíse ag RTÉ. Le linn 2004, gheobhaidh ár lucht éisteachta:

- Breis agus 200 uair an chloig de chlúdach ar na Cluichí Oilimpeacha
- 75 uair an chloig de chlúdach ar na Craobhchomórtais Eorpacha
- Roinnt cluichí sacair beo de chuid Phríomhshraith an FA ó Mheán Fómhair 2004
- Clúdach leanúnach ar na Craobhchomórtais ag Cumann Lúthchleas Gael, Cumann Peile na hÉireann agus ar Shacar Idirnáisiúnta, ar rugbaí baile agus idirnáisiúnta, ar rásaíocht capall, ar spóirt mótar, ar ghalf agus ar spóirt mhionlaigh.

C. RTÉ RAIDIÓ

Mar a luadh i ngeallúintí clár 2003, is sa bhaile a léirítear ionann is an t-iomlán den 35,000 uair an chloig, nach mór, d'aschur ar RTÉ Raidió. Dá réir sin, murab ionann is na seirbhísí teilifíse, is ar éigean gur féidir líon iomlán na n-uaireanta nó líon na n-uaireanta baile a mhéadú in aon chor. Cuirtear béim mar sin ar fheabhas a chur ar raon, ar ilghnéitheacht agus ar chaighdeán cháilíochta na seirbhísí seachas ar uaireanta breise craolta.

Ó thaobh raidió de, is iad na heochairthosaíochtaí ar na ceithre chainéal:

- RTÉ Radio 1 – faisnéiseáin shóisialta, cláir réigiúnacha, daoine óga, nuacht agus cúrsaí reatha
- Tá faoi RTÉ Radio 1 treoirchoimisiúin neamhspleácha a sheoladh in dhá réimse: sraithdhráma (nó sobalchlár raidió) i rith 12 sheachtain an tsamhraidh (8 nóim. islóg 5 lá na seachtaine), agus sraith idirghníomhach raidió faoin Idirlíon agus teicneolaíocht (6 leathuair an chloig)
- RTÉ 2fm – cláir rochtana do mhic léinn, ceol beo, aschur réigiúnach, spóirt, nuacht agus ceol malartach
- RTÉ lyric fm – scéim sheachtheagmhála i scoileanna, clúdach ar fhéilte réigiúnacha agus na healaíona, coimisiúin cheoil, agus nuacht agus cúrsaí reatha
- RTÉ Raidió na Gaeltachta – méadú ar dhrámaíocht, léiriúcháin fhíorasacha, cláir réigiúnacha breise, aschur do dhaoine óga, agus nuacht is cúrsaí reatha

D. NUACHT

Is iad Teilifís RTÉ One agus RTÉ Radio 1 na stáisiúin ar a gcasann daoine don nuacht i dtaobh na mórimeachtaí agus ag trátha mórthábhachtachta náisiúnta agus, dá réir, tá freagracht ar leith i gceist maidir le hardchaighdeán Nuachta agus Cúrsaí Reatha. Leanfaidh RTÉ Network 2, RTÉ 2fm, RTÉ lyric fm agus RTÉ Raidió na Gaeltachta orthu ag soláthar scothsheirbhíse nuachta chomh maith.

Genre agus
mar a bhí 2003

Dráma/locit

129 ur

Ábhar na gClár 2004

Uaireanta
fosta 2004

110 ur

Fórasach*

(Gaeilge, Oideachas,

Ilgnéitheach agus

Réigúnach san áireamh)

321 ur

■ Tionscnaimh Ulysses

■ Faisnéiseán sna healaíona

■ Stair – an dara sraith de *Hidden Histories* agus sraith nua ar stair áitiúil

■ Faisnéiseán ar an Leathnú Eorpach

■ Sraith fhiosraitheach nua

■ Sraith nua ar lánúineacha Éireannacha ar thóir chóireáil thorthúlachta

■ Sraith ghriinneadais

■ Sraith ar airgeadas pearsanta

■ *Homes Behaving Badly* – sraith ar theallaigh, athchóirithe ag saineolaithe béascna

■ *HouseHunters, Off The Rails, No Frontiers, Beyond The Hall Door* i measc na gclár a fhilífidh

*Nóta – mar chuid d'athbhreithniú ar RTÉ Network 2, b'fhéidir go n-aistreofaí roinnt clár fórasach go dtí an cainéal seo d'fhonn foriomlán na gclár baile air a mhéadú

Fórasach – Ilghnéitheacht

■ *Disability* – sraith nua, in ocht bpáirt, ar mhíchumas

■ *World Series*

Fórasach – Oideachas

■ *PG Plus* – sraith nua ar thuismitheoireacht, i sé pháirt, dírithe ar gach céim den bhforbairt

■ *Wild Trials* – sraith nua ar dhúshlán grianghrafadóireachta fiabheatha

Fórasach – Réigúnach

■ *Vets on Call* – sobal-fhaisnéiseán 'chuil ina mbreithnítear an saol ag beirt thréidlia tuaithe, lonnaithe i gCros Mhaoiliona, Co. Mhaigh Eo, a bhíonn ar glaoch ar feadh na hoíche go minic

■ *Desperately Seeking Surgery* – sraith nua ar scéalta a cuireadh a cuireadh ar scannán i gclínici ar fuaid na hÉireann, a bhreithníonn a mbíonn san aigne ag daoine a roghaíonn mórathruithe maisitheachta

Fórasach – Gaeilge

■ Sraith nua d'Fhoghlaim na Gaeilge *Turas Teanga* – an chéad tionscnamh ilimheán ceart ó RTÉ ina bfuil 20 clár teilifíse, sraith raidió, Dlúthcheimní, DVDanna, láithreán idirghníomhach gréasáin mar aon le lámhleabhar

Ceol agus

Siamsalocht

222 ur

■ Formáid réaltachta nuachomisiúnaíthe don samhradh

■ Telethon

■ Clár siamsalochta do thráthnóma an Domhnaigh

■ Siamsalocht Shamhraidh do thráthnótaí samhraidh na hAoine agus an tsathairn

Nuacht agus

Cúrsaí Reatha

524 ur

Leanaí de na clár rialta Nuachta agus Cúrsaí Reatha sna sceidil (*Prime Time, Questions & Answers, Nationwide* agus *The Week in Politics ina measc*). I measc na gclár breise beidh:

■ Clúdach ar Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach agus leathnú an Aontais

■ Clúdach ar na toghcháin áitiúla, Eorpacha agus Uachtaránachta

■ Clúdach ar thoghcháin Uachtaránachta na Stát Aontaithe

■ Sraith eile de chlár speisialta 1-uir an chloig, *Prime Time Investigates*

■ Faisnéiseán ar Uachtaránacht Mháire Mhic Giolla Íosa

RTÉ Network 2 — Buaicam

Genre agus
mar a bhí 2003

Uaireanta
fosta 2004

Ábhar na gClár 2004

Drámaíocht
33 ur

- *The Big Bow Wow* – sraith i dtír pháirt déag a leanann grúpa daoine sna fichid éiginnte i mBaile Átha Cliath
- Scéinséir parnormálta i dtír pháirt déag lonnaithe i mBaile Átha Cliath
- *Sraith nua Drámaíochta Grinn*

40 ur

Ceol agus
Siamsaíocht
95 ur

- Ceiliúradh le ceol beo ar Uachtaránacht na hÉireann ar an AE agus ar Leathnú an AE
- *Bishop At Work* – léargas ón bhfear grinn Des Bishop ar mhaireachtaí ar an íospá in Éirinn
- Seó nua réaltachta
- Classical Music – sraith de chláir le Grúpaí Oifride RTÉ i mbun coirne le haoi-amhránaíthe agus le haoi-cheoltóirí aonair
- *Multi Cultural Music* – ceiliúradh ar an bhFéile Ichtulúrtha Ceoil is mó in Éirinn a thugann léargas ar ilghnéitheacht an cheoil as cheithre hairde na cruinne atá i dtáipéis fuaimne na tíre anois

80 ur

Nuacht agus
Cúrsaí Reatha
70 ur

- *RTÉ News on 2* le hachoirne nuachta malloíche
- *Aon Scéal* – sraith de chláir faisnéise i nGaeilge ar chúrsaí reatha

73 ur

RTÉ Radio 1

Genre agus
mar a bhí 2003

Uaireanta
fosta 2004

Ábhar na gClár 2004

Faisnéiseáin
Shóisialta
22.5 ur

Beidh Ciní agus Cinlochas, Oideachas agus Gaeilge i gceist i measc na sraitheanna nua

Reigiúnach
42 ur

Cláir bhuaicama lae a léireofar sna réigiúin mar aon le fócas ar leith ar chontaetha agus ar imeachtaí de réir mar is cuí

Daoine Óga
19 ur

Comórtas Náisiúnta do Dhramaíocht na bPáistí

Ceol

Tionscnamh taifeadta d'fhonn taispeántais de cheol comhaimseartha fuaimiúil i genres éagsúla a chothú

20 ur

6 ur

Genre agus mar a bhí 2003

Ábhar na gClár 2004

Uaireanta fosta 2004

Rocntain Mac Léinn
9 ur

9 n-uair an chloig d'fhócas ar scrúduithe agus 20 uair an chloig déanta ag mic léinn idirbhliana le treoir ó léiritheoir agus taighdeoir de chuid 2fm

Ceol Béo
34 ur

Clúdach Seachtarach ar Fhéilte Samhraidh agus seisiúin thairfeadta de bhannaí ceoil

Réigiúnach
138 ur

Saturday Show (in aghaidh na seachtaine) agus *Full Irish* (in aghaidh na míosa)

Spórt
40 ur

Uair an chloig spóirt in aghaidh na seachtaine

Ceol Málartach
160 ur

8 n-uair an chloig in aghaidh na seachtaine – fócas ar cheol nua Éireannach, ag tacú le cumadóirí, formadóirí agus ceoltóirí

Nuacht agus Cúrsaí Reatha
370 ur

- *Newsbeat* do dhaoine faoi 35
- leanúint leis an bpríomhchlúdach uile Nuachta

450 ur

Genre agus mar a bhí 2003

Ábhar na gClár 2004

Uaireanta fosta 2004

Oideachas & Seachtshagmháil
30 scoil

Cuairteanna ar scoileanna – seachas craolta

Ceol agus Ealaíona Réigiúnacha
170 Craoladh Seachtarach

An clúdach ar fhéilte, láithreacha agus imeachtaí réigiúnacha a choimeád

Coimisiúin Cheoil
15 agus 6 craolta

9 gcoimisiúin ó 2003 a chraoladh

Leibhéal 2003 a choimeád

Coimisiúin Chainte

Na huaireanta breise d'ealaíona labhartha a choimeád agus a fhorbairt - tairfeadach agus craoladh 4 Dhráma (30 nóim.) & 5 "Ardán" (1 uair an chloig) 10 x 5' do shosanna coirme craolta i 2003 – 40 mír eile tairfeadta le craoladh i 2004

Nuacht agus Cúrsaí Reatha
80 ur

Leanúint leis an tseirbhís fneabhsaithe Nuachta

80 ur

RTÉ Raidió na Gaeltachta

Genre agus
mar a bhí 2003

Drámaíocht
5.5 ur

Fíorasach
50 ur

Daoine Óga
20 ur

Réigiúnach
60 ur

Nuacht agus
Cúrsaí Reatha
736 ur

Ábhar na gClár 2004

Sraithdhráma nuachtoimisiúnaíthe; drámaí aonuaíne i rith na bliana

Léibhéal 2003 a choimeád; Áirítear:

- *Leagan Cairte* – saimplé seachtainiúil ar stair agus ar ghramadach na teanga
- *Faisnéis* – gnémhíreanna seachtainiúla faisnéise
- *SBB agus a Aoi* – gnéchlár seachtainiúil

Léibhéal 2003 a choimeád; Áirítear:

- *Spórt/iris na nÓg* – clár irise spóirt don óige
- *Tráth na gCeist* – clár seachtainiúil ceisteanna do scoileanna dara leibhéal ar fuaid na 32 chontae

Léibhéal 2003 a choimeád; Áirítear:

- *Rogha John Spillane*
- *Cois Laoi*
- *Bias* – srath i bpáirt le BBC Raidió Ujadh
- *Súil na Cathrach* – irischlár seachtainiúil ar shaol Bhaile Átha Cliath

Na seirbhísí Nuachta atá ann a choimeád mar aon le clár nua Cúrsaí Reatha (do Raidió 1 agus Raidió na Gaeltachta) a léireoidh an Nuacht, TG4, Raidió na Gaeltachta agus Raidió 1.

736 ur

E. GRÚPAÍ OIRFIDE RTÉ

- Beidh 181 taispeántas poiblí ag Grúpaí Oirfide RTÉ – 136 i mBaile Átha Cliath agus 45 sna réigiúin
- I measc na dtaispeántas i mBaile Átha Cliath beidh 51 ag Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ, 63 ag Ceolfhoireann Choirme RTÉ, 7 ag Ceathairéad Téadach Vanburgh RTÉ, 9 ag Cóir RTÉ agus 6 ag aoi-Ensembles
- I measc na dtaispeántas sna réigiúin beidh 16 le Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ, 8 ag Ceolfhoireann Choirme RTÉ agus 21 ag Ceathairéad Téadach Vanburgh RTÉ
- Glacfaidh na Grúpaí Oirfide páirt chomh maith i dtaispeántais agus i saotharlanna oideachasúla (74) i mBaile Átha Cliath agus sna réigiúin i 2004 agus beidh siad bainteach le taifeadtaí Teilifíse, Raidió agus Tráchtála chomh maith

F. FOILSITHEOIREACHT RTÉ

- Foilseoidh an RTÉ Guide forlónadh comórtha ar Bhliain Eorpach an Oideachais trí Spórt
- Seolfaidh ríomh-Fhoilsitheoireacht RTÉ láithreán Sláinte RTÉ.ie ar an ngréasán agus ar RTÉ Aertel
- Soláthróidh ríomh-Fhoilsitheoireacht RTÉ clúdach ar na toghcháin Áitiúla, Eorpacha agus Uachtaránachta
- Déanfaidh ríomh-Fhoilsitheoireacht RTÉ uasghrádú ar an gclúdach ar spóirt ina gcuireann Éireannaigh spéis (Oilimpicí san áireamh) ar an ngréasán agus ar RTÉ Aertel

e press@rte.ie
t 01 208 3434

RTE